COMPANIES REGISTRATION OFFICE
AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ

Bileog Faisnéise Uimh. 5A

DOICIMÉID EACHTRACHA A DHEARBHÚ

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 5A / MÍ MÁRTA 2007

CLÁR ÁBHAR

1. CAD IS DEARBHÚ ANN? 1

2. CAD IAD NA COINBHINSIÚIN? 1

3. CATHAIN A BHÍONN FÍORDHEIMHNIÚ AG TEASTÁIL? 4

4. AN FÉIDIR LE CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ FÍORÚ DEIMHNITHE A IARRAIDH? 4

5. CONAS IS FÉIDIR LIOM A FHÁIL AMACH CATHAIN A GHLACANN TÍORTHA PÁIRT SNA COINBHINSIÚIN? 4

1. CAD IS DEARBHÚ ANN?

Ní mór doiciméid a eisítear i dtír amháin, ar gá iad a úsáid i dtír eile, a “fhíordheimhniú” nó a “dhearbhú” sular féidir glacadh leo mar dhoiciméid bhailí sa tír eile. Mar chuid den phróiseas seo cuirtear séalaí éagsúla ar an doiciméad. De ghnáth bíonn ar an CRO é seo a dhéanamh nuair a bhíonn cuideachtaí seachtracha á chlárú.

Cuireann trí Choinbhinsiún deireadh leis an gceanglas dearbhú taidhleoireachta agus consalachta a fháil do dhoiciméid phoiblí ó thír Choinbhinsiúin amháin atá beartaithe iad a úsáid i dtír Choinbhinsiúin eile.

2. CAD IAD NA COINBHINSIÚIN?

Is iad na Coinbhinsiúin:

• Coinbhinsiún na Háige
• Coinbhinsiún an CE
• Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa

2.1 Coinbhinsiún na Háige

Ní gá doiciméid a dhearbhú sna tíortha atá ag glacadh páirte sa Choinbhinsiún seo, lena n-áirítear tíortha áirithe lasmuigh den Eoraip – úsáidtear stampa aonair níos simplí ina áit (nó deimhniú scríofa) atá formhuinithe ag údarás amháin. Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha atá freagrach as an bpróiseas seo in Éirinn. Ba chóir teagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Consalachta na Roinne má theastaíonn uait doiciméad a dhearbhú faoi Choinbhinsiún na Háige chun é a chur ar aghaidh chuig tír eile atá ag glacadh páirte sa Choinbhinsiún – uimhir theileafóin 01 408 2174.

2.1.1. Cad iad na doiciméid lena mbaineann an Coinbhinsiún?

Is “doiciméid phoiblí” iad, ar nós:

• doiciméad cúirte;
• doiciméad riaracháin i.e. ó bhinsí;
• ionstraimí nótaire;
• deimhnithe oifigiúla ag daoine príobháideacha, mar shampla clárú doiciméid, deimhniú a thaispeánann go raibh doiciméad ar mharthain ar dháta áirithe nó sínithe fíordheimhnithe ag oifigeach nó nótaire.

Ní bhaineann an Coinbhinsiún seo le doiciméid a bhíonn forghníomhaithe ag oifigigh taidhleoireachta nó consalachta nó le doiciméid riaracháin a bhaineann go díreach le hoibríochtaí tráchtála nó custaim.

2.1.2. Cad iad na gnásanna a bhíonn ag teastáil?

Ní bhíonn ach gnás amháin ag teastáil le fíordheimhneacht an tsínithe, cumas an tsínitheora nó comhionannas an séala nó an stampa a dheimhniú, is é sin deimhniú de bhun Ailt 4 den Choinbhinsiún.

Cuirtear an teideal “Apostille (Convention de la Haye du 5 octobre 1961) – Deimhniú Scríofa (Coinbhinsiún na Háige den 5 Deireadh Fómhair 1961” ar an deimhniú. Ní féidir an próiseas a leathnú faoin gCoinbhinsiún trí cheanglais bhreise a leagadh síos.

Cad is brí leis seo?
Ní chuirtear an córas deimhnithe scríofa chun feidhme má bhíonn córas dearbhaithe níos lú déine i bhfeidhm cheana idir na tíortha áirithe, cibé bunaithe ar dhlíthe, rialacháin nó cleachtas a mbíonn siad.

Ní mór don údarás atá ceaptha ag gach stát chun deimhnithe (Apostilles) a eisiúint, clár a choimeád den méid deimhnithe agus den dáta a bhí orthu chomh maith le hachoimre den ábhar deimhnithe – úsáidfear é seo le fíorú go tapa gur deimhniú scríofa dílis a bhíonn i gceist nuair is gá.

2.1.3 Cad iad na tíortha atá ag glacadh páirte i láthair na huaire i gCoinbhinsiún na Háige?

Is iad seo a leanas na tíortha atá ag glacadh páirte i gCoinbhinsiún na Háige:

An Afraic Theas	An Albáin	Andóra	Antigua & Barbúda
An Airgintín	An Arméin	An Astráil	An Asarbaiseáin
Na Bahámaí	Barbadós	An Bhealarúis	An Bheilg*
An Bheilís	Bosnia & Heirseagaivéin	An Bhotsuáin	Brúine Darasalám
An Bhulgáir	An Chasacstáin	An Chipir*	An Cholóim
An Chóiré	Oileáin Cook	An Chróit	An Danmhairg*
Doiminice	Eacuadór	An Eastóin	Éire
An Eilvéis	Fidsí	An Fhionlainn	An Fhrainc*
An Ghearmáin	An Ghréig	Grenada	Hondúras
An India	An Iodáil*	An Iorua	An Íoslainn
Iosrael	An Ísilitír	Poblacht na Laitvia*	Leosóta
An Libéir	Lichtinstéin	An Liotuáin	Lucsamburg
IPI na Macadóine	An Mhaláiv	Málta	Oileáin Marshall
Meicsiceo	An Mholdóiv	Monacó	Montainéagró
Oileáin Mhuirís	An Namaib	Niue	An Nua-Shéalainn
An Ostair	Panama	An Pholainn	An Phortaingéil
An Ríocht Aontaithe	An Rómáin	Cónaidhm na Rúise	An tSalvadóir
Samó	San Críostóir Nimheas	San Lucia	San Mairíne
San Uinseann agus na Greanáidíní	Sao Tome e Principe	An tSeapáin	Poblacht na Seice
An tSeirbia	Na Séiséil	An tSeoirsia	An tSlóivéin
An tSlóvaic	An tSín (Hong Cong)	An tSín (Macao)	Na Stáit Aontaithe
An Spáinn	An tSualainn	An tSuasalainn	Suranam
Tonga	Oileáin na Tríonóide & Tobága	An Tuirc	An Úcráin
An Ungáir	Veiniséala		

Chun liosta suas chun dáta a fháil de thíortha Choinbhinsiún na Háige agus den údarás inniúil atá ainmnithe do gach dlínse, féach http://www.hcch.net/index_en.php?act=conventions.text&cid=41

2.2 Coinbhinsiún an CE

Baineann an Coinbhinsiún seo leis an gcaidreamh idir Éire agus na Ballstáit a dhaingnigh an Coinbhinsiún i.e. an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc agus an Iodáil. **Tabhair faoi deara le do thoil nach mbaineann sé leis na Ballstáit eile, sula ndaingneofar é sna tíortha sin.**

2.2.1. Cad iad na doiciméid lena mbaineann an Coinbhinsiún?

Baineann an Coinbhinsiún seo le “doiciméid phoiblí” a dhréachtaítear i gcríoch cheann ar bith de na Stáit a dhaingnigh an Coinbhinsiún a chuirtear iad le chéile i gcríoch cheann ar bith de na Stáit eile a dhaingnigh an Coinbhinsiún, nó a cuireadh iad faoi bhráid oifigeach taidhleoireachta nó consalachta i gceann de na Stáit eile a dhaingnigh an Coinbhinsiún, fiú má bhíonn na hoifigigh sin bunaithe i Stát nach bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe aige.

Is iad seo a leanas na “doiciméid phoiblí”:

- doiciméid chúirte nó bhinse;
- doiciméid riaracháin;
- ionstraimí nótaire;
- deimhnithe oifigiúla ag daoine príobháideacha, mar shampla clárú doiciméid, deimhniú a thaispeánann go raibh doiciméad ar mharthain ar dháta áirithe nó sínithe fíordheimhnithe ag oifigeach nó nótaire.

Tá raon níos leithne ag an gCoinbhinsiún seo ná ag Coinbhinsiún na Háige, cé go mbaineann sé freisin le doiciméid a mbíonn á fhorghníomhú ag oifigigh taidhleoireachta nó consalachta, ina gcáil

oifigiúil, a thagann ó Stát ar bith a dhaingnigh an Coinbhinsiún, nuair a chuirtear na doiciméid seo le chéile i Stát ar bith eile a dhaingnigh an Coinbhinsiún, nó a chuirtear iad faoi bhráid na n-oifigeach taidhleoireachta nó consalachta ó Stát den saghas seo a bhíonn ag gníomhú i Stát eile nach bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe aige.

2.2.2. Cad iad na gnásanna a bhíonn ag teastáil?

Ní bhaineann gnásanna ar bith le Coinbhinsiún an CE.
Forálann Alt 2 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh Stát conarthachta doiciméad lena mbaineann an Coinbhinsiún a dhíolúnú ó "*gach cineál dearbhaithe nó gnáis choibhéisigh nó chomhchosúil*" – is é sin an nós imeachta foirmiúil le síniú a fhíordheimhniú, cumas gníomhaithe shínitheoir an doiciméid agus, más cuí sin, comhionannas an séala nó an stampa atá ar an doiciméad.

Nuair a fhaigheann Stát doiciméad agus nuair a bhíonn "*móramhras, agus bunús a bheith leis*" ar Údaráis an Stáit maidir le fíordheimhneacht an sínithe, cumas an tsínitheora nó comhionannas an séala nó stampa, is féidir leis iarratas ar fhaisnéis a chur isteach go díreach chuig an "lárúdarás ábhartha". Níor cheart iarratais ar fhaisnéis a dhéanamh "*ach i gcásanna eisceachtúla amháin ina ndéantar na forais ar a bhfuil siad bunaithe a lua*".

Tá lárúdarás ceaptha ag gach Stát a dheimhnigh an Coinbhinsiún, atá freagrach as iarratais ar fhaisnéis a ghlacadh agus a chur ar aghaidh. (An Roinn Gnóthaí Eachtracha in Éirinn). Ní mór do na hiarratais seo agus do na freagraí a bheith saor in aisce.

Forálann Alt 10 de Choinbhinsiún an CE gurb é an Coinbhinsiún seo, sna Stáit a dheimhnigh an Coinbhinsiún, a ghlactar leis thar Choinbhinsiún ar bith eile agus dearbhú doiciméad á shimpliú nó á chealú, ach amháin i gcás doiciméad a thagann faoi Choinbhinsiún eile seachas an coinbhinsiún seo.

2.3 Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa (An Coinbhinsiún "Eorpach")

2.3.1. Cad iad na doiciméid lena mbaineann an Coinbhinsiún?

Baineann an Coinbhinsiún le:

(a) Doiciméid forghníomhaithe ag gníomhairí taidhleoireachta nó consalachta, ina gcáil oifigiúil, le hiad a chur le chéile i gcríoch de chuid Stáit eile, atá ag glacadh páirte sa Choinbhinsiún. Áirítear ar na doiciméid seo doiciméid a forghníomhaíodh ag úsáid cumhachtaí nótaire faoin dlí ina Stát féin agus doiciméid riaracháin eile a forghníomhaíodh agus a ndualgais oifigiúla á dhéanamh acu (Tabhair faoi deara – tá an catagóir doiciméad seo eisiata go sainráite ó raon Choinbhinsiúin na Háige).

(b) Deimhnithe oifigiúla, ar nós deimhnithe do chlárú doiciméid nó a thaispeánann go raibh doiciméad ar mharthain ar dháta áirithe agus fíordheimhniú sínithe, curtha i gceangal le doiciméid ag gníomhairí taidhleoireachta nó oifigigh consalachta.

2.3.2 Cad é an nós imeachta le doiciméid a fhíorú?

Forálann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa go mbeidh "*doiciméid lena mbaineann an Coinbhinsiún eisiata ó thaobh reachtaíochta de*" sna Stáit atá ag glacadh páirte sa Choinbhinsiún. Cuirtear de cheangal ar na tíortha atá ag glacadh páirte sa Choinbhinsiún fíordheimhneacht na ndoiciméad lena mbaineann an Coinbhinsiún a dheimhniú "*más gá sin*". Tá sé beartaithe nach mbeidh sé seo ag teastáil ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Ní gá íoc as an bpróiseas deimhnithe seo.

2.3.3. Cad iad na nósanna imeachta deimhnithe?

An meabhrán agus na hairteagail a bhaineann le cuideachta eachtrach, deimhneofar iad tríd an doiciméad:

(a) a dheimhniú mar chóip dhílis trí Chláraitheoir na gCuideachtaí sa Stát ábhartha nó
(b) a dheimhniú mar chóip dhílis trí nótaire sa Stát ábhartha nó
(c) a deimhniú mar chóip dhílis faoi mhionn trí oifigeach na cuideachta, os comhair duine atá údaraithe duine eile a chur faoi mhionn sa Stát ábhartha.

2.3.4. Cá háit ina gcuirtear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun feidhme i láthair na huaire?

Is iad seo a leanas na tíortha ina gcuirtear an Coinbhinsiún chun feidhme i láthair na huaire:

An Ostair	An Chipir	Poblacht na Seice	An Fhrainc	An Ghearmáin
An Ghréig	An Iodáil	Éire	Lichtinstéin	Lucsamburg
An Mholdóiv	An Ísiltír	An Iorua	An Pholainn	An Phortaingéil
An Spáinn	An tSualainn	An Eilvéis	An Tuirc R.A.	

3. CATHAIN A BHÍONN FÍORDHEIMHNIÚ AG TEASTÁIL?

Ní mór doiciméid a fhíordheimhniú sa tír ionchorpraithe sna himthosca seo a leanas:

Mura mbíonn an Stát ábhartha ag glacadh páirte i gCoinbhinsiún an AE agus mura mbaineann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa leis an stát sin, ach nuair a bhíonn Coinbhinsiún na Háige i bhfeidhm ann. Tá an nós imeachta fíordheimhnithe de réir fhorálacha Choinbhinsiún na Háige - eadhon, trí dheimhniú a eisiúint dá dtagraítear in Alt 4 den Choinbhinsiún sin (an “Apostille – Deimhniú Scríofa”).

Mura mbaineann ceann ar bith de na Coinbhinsiún leis an stát sin, caithfidh an deimhniú bheith fíordheimhnithe ag oifigeach taidhleoireachta nó consalachta Éireannach sa tír ionchorpraithe.

Ní gá doiciméid a fhíordheimhniú sna himthosca seo a leanas:

Nuair a bhíonn Coinbhinsiún an CE daingnithe ag an Stát inar ionchorpraíodh an chuideachta (féach 2.2 le haghaidh liosta de na tíortha).

Mura mbíonn páirt á ghlacadh ag an Stát inar ionchorpraíodh an chuideachta i gCoinbhinsiún an CE ach nuair a bhíonn páirt á ghlacadh aige i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa (féach thuas), ní gá d’oifigeach taidhleoireachta nó consalachta Éireannach síniú an duine a fhíordheimhniú a dheimhnigh an meabhrán agus na hairteagail, ar an gcoinníoll go mbíonn an doiciméid deimhnithe ag oifigeach taidhleoireachta nó consalachta sa Stát ábhartha, ina c(h)áil oifigiúil agus an deimhniú á thabhairt amach aige/aici, nó daoine á chur faoi mhionn aige/aici, de réir mar a bheidh. **Tabhair faoi deara:** Mura gcomhlíontar an coinníoll seo, caithfidh oifigeach taidhleoireachta nó consalachta Éireannach sa tír áirithe síniú, stampa nó séala an oifigigh, nótaire nó duine eile a thugann amach an deimhniú a fhíordheimhniú, chomh maith leis an mionn áirithe agus cumas gníomhaithe an duine seo (ach amháin nuair a bhíonn Coinbhinsiún na Háige i bhfeidhm).

4. AN FÉIDIR LE CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ FÍORÚ DEIMHNITHE A IARRAIDH?

Is féidir leis an gCláraitheoir fíorú a iarraidh, má bhíonn **móramhras air/uirthi, agus bunús** a bheith leis maidir le fíordheimhneacht shíniú, stampa nó shéala an oifigigh, nótaire nó duine ar bith eile a thugann deimhniú amach, an mionn áirithe a chur ar dhuine, nó a c(h)umas gníomhaithe, de réir mar a bheidh.

5. CONAS IS FÉIDIR LIOM A FHÁIL AMACH CATHAIN A GHLACANN TÍORTHA PÁIRT SNA COINBHINSIÚIN?

Is féidir faisnéis a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Dhlíthiúil de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha.

Tá liosta le fáil ar láithreán gréasáin Choinbhinsiún na Háige - www.hcch.com - de chomhaltaí an Choinbhinsiúin (an 12ú Choinbhinsiún) agus de na húdaráis ar féidir leo deimhniú scríofa a sholáthar. Tá sonraí le fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle na hEorpa - http://conventions.coe.int – faoi CETS Uimh. 063, i.e.Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa.

Tá sonraí ar an láithreán gréasáin http://ue.eu.int faoi Choinbhinsiún an CE. Ón roghchlár cliceáil Beartais, ansin cliceáil Comhaontuithe agus Cuardaigh Bunachar Sonraí na gComhaontuithe agus roghnaigh an 25 Bealtaine 1987 mar dháta cuardaigh.

AGUISÍN 1

Seicliosta Gearr nuair a sheoltar doiciméid chuig an CRO maidir le cuideachtaí atá cláraithe thar lear.

1. Má bhíonn an chuideachta ionchorpraithe sa Danmhairg, sa Fhrainc, sa Bheilg nó san Iodáil, má bhíonn an deimhniú in ord, agus má bhaineann Coinbhinsiún an CE leis an doiciméad, ní gá é a fhíordheimhniú, ach amháin nuair a bhíonn móramhras, agus bunús a bheith leis maidir le fíordheimhneacht an deimhnithe.

2. Mura mbíonn an chuideachta ionchorpraithe sa Danmhairg, sa Fhrainc, sa Bheilg nó san Iodáil, ach i dtír eile atá ag glacadh páirte i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, ní gá an deimhniú a fhíordheimhniú nuair a bhíonn sé in ord, agus nuair a bhaineann an Coinbhinsiún leis an doiciméad, ach amháin nuair a bhíonn móramhras, agus bunús a bheith leis maidir le fíordheimhneacht an deimhnithe.

3. Mura mbíonn an chuideachta ionchorpraithe sa Danmhairg, sa Fhrainc, sa Bheilg nó san Iodáil, agus mura mbíonn Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa curtha chun feidhme, bíonn fíordheimhniú ag teastáil, ach amháin nuair a bhíonn Coinbhinsiún na Háige curtha chun feidhme. Sa chás seo caithfear an deimhniú scríofa amháin a thabhairt. Nuair a bhíonn amhras ann maidir le fíordheimhneacht an deimhnithe scríofa, ba chóir ceist a chur ar an údarás cuí sa tír áirithe, a dhéanfaidh scrúdú ar a gclár deimhnithe scríofa.

4. Mura mbíonn ceann ar bith de na Coinbhinsiúin curtha chun feidhme, caithfidh an deimhniú bheith fíordheimhnithe ag oifigeach taidhleoireachta nó consalachta Éireannach sa tír ionchorpraithe.

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Parnell House,14 Parnell Square, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200 Fax: +353 1 804 5222
Email: info@cro.ie Web: www.cro.ie

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200 Faics: +353 1 804 5222
Ríomphost: info@cro.ie Láithreán: www.cro.ie